

Gné 3: Téamaí *Aistear*

Gníomhaíocht A: Machnamh a dhéanamh ar théamaí *Aistear*

Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leat féachaint go mion ar na ceithre théama in *Aistear*, mar atá *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid*, agus *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*. Tugann sé deis duit freisin plé a dhéanamh ar an nasc atá idir na téamaí agus an curaclam i do shuíomh féin.

In *Aistear*, déantar cur síos ar a bhfoghlaímíonn leanaí trí cheithre théama idirnasctha:

1. *Folláine agus Leas*: baineann sé le leanaí a bheith muiníneach, sona sásta agus sláintiúil.
2. *Féiniúlacht agus Muintearas*: baineann sé le braistint dhearfach a bheith ag leanaí ar cé hiad féin, forbróidh siad tuiscint ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht agus braithfidh siad go bhfuil meas ag daoine orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal.
3. *Cumarsáid*: baineann sé le leanaí a bheith in ann a gcuid eispéireas, smaointe, agus mothúchán a chomhroinnt go muiníneach agus go hinniúil ar réimse bealaí agus chun críocha éagsúla.
4. *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*: baineann sé le leanaí a bheith in ann ciall a bhaint as rudaí, áiteanna agus daoine ina saol.

- Ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, smaoinigh ar *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* i gcás leanaí.
- Cé na heispéiris, smaointe, comhráite, ócáidí, cleachtais, nó gnáthaimh laethúla ó do shuíomh féin a ritheann leat i gcás naíonán / lapadán / leanaí óga maidir le gach ceann de na téamaí?
- Déan iad a phlé ar feadh 5-10 nóiméad.
- Breac síos an t-aiseolas ar smeach-chairt nó bain leas as na boscaí thíos.

Folláine agus Leas

Féiniúlacht agus Muintearas

Cumarsáid a dhéanamh

Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Athbhreithniú ar fhreagairtí. Cé na téamaí arbh éasca samplaí a aimsiú dóibh? Cé na téamaí ar dheacair samplaí a aimsiú dóibh, agus cén fáth?

Anois agus tús curtha agat le naisc a dhéanamh idir do chleachtas féin agus téamaí *Aistear*, féach ar an bpóstaer de na téamaí ar an gcéad leathanach eile chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil. De rogha air sin, féach ar na gearrfhíseáin ar dheis chun samplaí a fheiceáil de na téamaí sa chleachtas.

- Léirítear sa láithreoireacht seo an téama Folláine agus Leas agus é á chur i ngníomh
- Léirítear sa láitheoireacht seo an téama Féiniúlacht agus Muintearas agus é á chur i ngníomh
- Léirítear sa láitheoireacht seo an téama Cumarsáid agus é á chur i ngníomh
- Léirítear sa láitheoireacht seo an téama Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht agus é á chur i ngníomh

Baineann na físeáin ar fad le leanaí óga. Déanfar ábhair a bheidh dírithe ar an tréimhse ón mbreith go dtí aois 3 bliana a fhorbairt faoi mhí an Mheithimh 2015.

INDIBHIDHÚLACHT AN LINBH ■ COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT ■ LEANAÍ INA SAORÁNAIGH ■ RÓL AN DUINE FHÁSTA

Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Creatchuraclam do pháistí uile ó bhreith go sé bliana d'aois is ea Aistear. Tugann sé míniú ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt ag baint úsáide as ceithre théama.

Aidhmeanna (leathanach 49)
Beidh leanaí in ann

- foghlaim facin domhan ina dtimpeall agus gheobhaidh siad tuiscint air
- scileanna agus straitéisí a fhorbairt agus a úsáid a chabhróidh leo ar mhairíne le breathnóireacht, fiosrúchán, ceistiúchán, tuiscint, agus le fadhbanna a réiteach
- iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua chun smointe, mothúcháin, ábhair, agus gníomhartha a dhur i láthair trí shionbailí
- dearcadh dearfach a léiriú i leith na foghlama agus déanfaidh siad meonta áirithe a fhorbairt m.sh. fiosracht, spráilúacht, comhsheamhacht, agus muintín.

Aidhmeanna (leathanach 18)
Beidh leanaí

- láidir go s'ceolálach agus go sóisialta
- chomh sláintiúil agus chomh hachal agus is féidir
- cruthaitheach agus spioradálta
- dearfach i leith na foghlama agus an tsaoil.

Aidhmeanna (leathanach 38)
Beidh leanaí in ann

- úsáid a bhaint as scileanna cumarsáide neamhbhriathartha
- úsáid a bhaint as teanga
- cur lena dtuiscint ar an domhan trí chiall a bhaint as eispéiris trí mheán na teanga
- iad féin a dhéanamh iúl go cruthaitheach samhlaíoch.

Aidhmeanna (leathanach 28)
Beidh

- féiniúlacht láidir ag leanaí agus brathúil siad go bhfuil dea-mheas orthu
- féiniúlacht ghrúpa ag leanaí
- leanaí ábalta a gcearta a dhéanamh iúl agus tuiscint a léiriú ar théiniúlacht, chearta agus ar chearcadh daoine eile
- léiritheacht ag leanaí orthu féin mar fhoghlaiméirí inniúla.

Comhlánáinn agus cónascann Aistear le

- An Clár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige Saor in Aisce (ECCE)
- Skolta, An Chreathach Na'súnta Céilíochta d'Oideachas na Luath-Óige
- Rialachán um Chúram Leanaí, Seirbhísí Réamhscoile (go háirithe Airtagail 5)
- Curaclam na Bunscoile
- Litearthacht agus Umhearthacht don Foghlaim agus don Saol.

Uirlis Úsáide Aistear

Soláthraíonn Ríomhuirlis Úsáide Aistear réimse aomhainní lena n-áirítear gearrthóga físe, nodbhíleoga, bileoga eolais, podchraolta srl le cuidiú leat leas a bhaint as Aistear a oifidh do do chás féin. Tá fáil ar an Uirlis Úsáide ag www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnaí Curaclaim agus Measúnaithe
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnaí Curaclaim agus Measúnaithe
24 Ceannóg Vhurilán, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: +353 1 681 7177 Fíacs: +353 1 681 7180
R-phost: info@ncca.ie Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie

FOGHLAIM GHNÍOMHACH ■ TUISMITHEOIRÍ, TEAGHLACH AGUS AN POBAL

EISPÉIRIS IOMCHUÍ SHUNTASACHA ■ CUMARSÁID AGUS TEANGA ■ AN TIMPEALLACHT FOGHLAMA ■ CAIDRIMH